

Daoine óga ag taisteal

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar tuairisc faoi chlár Eorpach darb ainm *Comenius* a bhfuil meánscoil San Nioclás ag glacadh páirte ann. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An maith leat féin bheith ag taisteal? Cén fáth?
An ndeachaigh tú riamh ar thuras scoile nó ollscoile thar lear? Déan cur síos air!
An bhfuil aon tábhacht ag baint le bheith ag bualadh le daoine ó thíortha eile? Cén fáth?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. Catalonia _____
2. Bulgaria _____
3. Norway _____
4. supervised / controlled _____
5. minority languages _____
6. minority cultures _____
7. every time _____
8. The North Pole _____
9. presentation _____
10. benefit _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén t-eolas a thugtar faoin chlár *Comenius*?
2. Tá ceithre thír i gceist. Cad iad?
3. Conas atá a fhios againn gur bhain na rannpháirtithe sult as an gclár?
4. Cad a bhí le rá ag Petya agus Emma? Tabhair do fhreagra i nGaeilge.
5. Cad a cheap Eoghan faoin chlár?

Ceist 4 ‘ . . . as an gCatalóin, as an mBulgáir agus as an Iorua. . . ’

- a) Cén chuid den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
- b) Mínigh cad a tharlaíonn don ainmfhocal sa chás seo?
- c) An ionann an chuid seo den ghramadach ar fud na tíre? Mínigh!
- d) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo thíos:

I went for a walk on the beach last night.

I'll see you at that time tomorrow.

He left his watch on the table.


I'm sure that the young girl has the dog.

The meeting is on the twenty fifth of this month.


Ceist 5 ‘ . . . súp as. . . ’

- a) An bhfuil an leagan cainte seo agatsa? Cad a déarfá féin? Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí bhur machnamh ar na frásaí ar fad atá ar eolas agaibh chun mothúcháin dhearfacha den sórt seo a chur in iúl!
- b) Anois, smaoinígí ar na frásaí atá agaibh chun mothúcháin dhiúltacha a chur in iúl, mar shampla: *Is fuath liom . . .*
- c) Déanaigí plé ar na daoine cáiliúla seo anois agus bígí in ann a rá a bhfuil dúil agaibh iontu nó nach bhfuil!

Madonna



50 Cent



Dana



Barak Obama



Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt nuair atá an tuairisc á taispeáint.

- | | |
|----------------------------|-----------------------|
| 1. Catalonia | <i>An Chatalóin</i> |
| 2. Bulgaria | <i>An Bhulgáir</i> |
| 3. Norway | <i>An Iorua</i> |
| 4. supervised / controlled | <i>faoi stiúir</i> |
| 5. minority languages | <i>mionteangacha</i> |
| 6. minority cultures | <i>mionchultúir</i> |
| 7. every time | <i>gach babhta</i> |
| 8. The North Pole | <i>An Mol Thuaidh</i> |
| 9. presentation | <i>cur i láthair</i> |
| 10. benefit | <i>tairbhe</i> |

Ceist 3

1. Clár Eorpach é *Comenius* a bhaineann le hoideachas agus le cultúr. Is é téama an chlár ná mionteangacha agus mionchultúir. Glacann cúig dhalta dhéag páirt sa chlár ó cheithre thír.
2. Tá daltaí scoile ó cheithre thír páirteach ann: Éire, An Chatalóin, An Bhulgáir agus An Iorua.
3. Léirigh siad an-suim i gcur i láthair gach mac léinn. Tugtar le fios chomh maith sna hagallaimh a rinneadh ar na mic léinn éagsúla gur bhain siad taitneamh as.
4. Petya: Tharla a lán rudaí dom féin agus do mo chuid cairde den chéad uair riamh agus bhí muid an-tógtha ar fad.
Emma: Taithí iontach a bhí ann Béarla a fhoghlaim agus a bheith ag taisteal ar fud an domhain, agus a bheith ag casadh le daoine.
5. Dúirt sé go bhfuair sé tuiscint ar chultúir daoine eile, go bhfuair sé léargas ar conas a bhíonn sé agus tú ag taisteal i dtíortha eile.

Ceist 4

- a) An tuiseal tabharthach.
- b) Cuirtear urú ar chonsain agus baintear an ‘t’ as focail fhirinscneacha a thosaíonn le guta.
- c) Ní hionann. Cuirtear séimhiú ar chonsain (ní urú) ach baintear an ‘t’ as focail fhirinscneacha a thosaíonn le guta chomh maith.
- d) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo thíos:

Chuaigh mé ag siúl ar an trá oíche aréir.

Feicfidh mé ag an am sin amárach tú.

D’fhág sé a uaireadóir ar an mbord. (ar an bhord)

Tá mé cinnte go bhfuil an madra ag an gcaillín. (ag an chailín)

Beidh an cruinniú ar an gcúigiú lá is fiche den mhí seo. (ar an chúigiú)

Ceist 5

- a) Bainim sult as, taitníonn sé liom, tá dúil agam ann, tá spéis agam ann, is breá liom é, is maith liom é, cuireann sé gliondar ar mo chroí, tá mé an-tógtha leis.
- b) Is fuath liom é, ní thaitníonn sé liom ar chor ar bith, níl meas dá laghad agam air, tá an ghráin agam air, is beag orm é, ní maith liom é, cuireann sé déistin orm.
- c) Plé atá i gceist anseo.

Eimear Ní Chonaola

Le cúig lá anuas tá cúig dhalta dhéagⁱ meánscoile as an gCatalóin, as an mBulgáir agus as an Iorua ag glacadh páirte i gclár oideachais agus cultúir *Comenius*. Clár Eorpach atá anseo atá ar bun i meánscoil San Nioclás i nGaeltacht na nDéise

Barraí Mescall

Roinnt de na cuairteoirí ón gCatalóin, ón mBulgáir agus ón Iorua agus iad faoi láncheol i rang bodhránaíochta faoi stiúir Darren Ó Droma. Ceann amháin de na himeachtaí a bhí idir lámha acu le ceithre lá anuas i meánscoil San Nioclás.

Áine Ní Cheallaigh

Tá ceithre thír i gceist. Is é téama an chláir ná mionteangacha agus mionchultúir. So, tá deis ag cúigear daltaíⁱⁱ gach babhta dul ag taisteal. So, bhí cúigear acu beagnach thuas ar an Mol Thuaidh, bhí cúigear eile ar an taobh eile de Sofia sa Bhulgáirⁱⁱⁱ, beidh cúigear eile acu ag dul go dtí an Chatalóin agus ansin tá siad anseo.

Barraí Mescall

Os rud é go mbeidh siad ag fillleadh abhaile amárach rinne na grúpaí go léir, agus mic léinn mheánscoil^{iv} San Nioclás ina measc, cur i láthair lena chéile. Agus, ba léir ón gcluas éisteachta a tugadh dóibh gur bhaineadar go léir súp as.

Petya Dicheava, An Bhulgáir

A lot of things happened for the first time to me and to my friends, and we were so excited.

Emma Sanchez, an Chatalóin

I think it's a great experience to learn English and to travel around the world and meet new people.

Eoghan Ó Murchú, An Rinn

Tá tuiscint á fáil agam ar chultúr daoine eile agus tuiscint agam ar dhaoine^v a bhíonn ag taisteal go dtí tíortha eile, agus conas mar atá sé bheith i dtír eile nach bhfuil aithne* agat uirthi agus conas tú féin a chur i láthair.

Barraí Mescall

Agus chomh maith leis sin, is dócha go leanfaidh an cairdeas?

Eoghan Ó Murchú, An Rinn

Ó yes, an cairdeas, mairfidh sé, mairfidh sé arís agus arís eile.

Barraí Mescall

Níl dabht ar bith ach go bhfuil daltaí na dtíortha go léir atá ag glacadh páirte i gclár *Comenius* ag baint sult agus tairbhe as. Nár laige Dia a sláinte. Barraí Mescall, Nuacht TG4 ag meánscoil San Nioclás i nGaeltacht na nDéise.

* Deirtear 'aithne ar áit' i gcanúint na Mumhan, ach 'cur amach ar áit' i gcanúintí eile.

ⁱ *déag* a deirtear

ⁱⁱ *dalta* a deirtear

ⁱⁱⁱ *sa mBulgáir* a deirtear

^{iv} *meánscoil* a deirtear

^v *daoine* a deirtear